An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nóta Faisnéise

# LEITHDHÁILEADH MÚINTEOIRÍ SEALADACHA (BEARTA TACAÍOCHTA COVID-19) DO BHUNSCOILEANNA I RITH NA SCOILBHLIANA 2021/22

Leagtar amach anseo thíos na socruithe don scoilbhliain 2021/22 i ndáil le Poist i leith Príomhoidí le Tréimhse Scaoilte agus Painéil Sholáthair Mhúinteoirí, a fógraíodh faoin Treochlár don Fhilleadh Iomlán ar Scoil agus faoi Imlitir 45/2020, “Tacaíochtaí oibriúcháin COVID-19 chun filleadh go hiomlán ar an scoil”.

## 1. Bearta Tacaíochta COVID-19 - Poist i leith Príomhoidí le Tréimhse Scaoilte

In Imlitreacha 0019/2020 agus 0045/2020 leagtar amach an leithdháileadh reatha de laethanta scaoilte na bpríomhoidí i leith na scoileanna ina n-oibríonn príomhoidí teagaisc.

I gcomhthéacs COVID-19, maidir leis an leithdháileadh breise dá bhforáiltear sa Treochlár don fhilleadh iomlán ar scoil agus Imlitir 45/2020, fanfaidh “Tacaíochtaí oibriúcháin COVID-19 chun filleadh go hiomlán ar an scoil” i bhfeidhm don scoilbhliain 2021/22 agus beidh 37 Lá mar Thréimhse Scaoilte don Phríomhoide ag gach scoil ina bhfuil príomhoide teagaisc.

Fanfaidh Braislí na Laethanta mar Thréimhse Scaoilte don Phríomhoide atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2020/21 i bhfeidhm don scoilbhliain 2021/22.

Meabhraítear do scoileanna gur poist ar théarma seasta iad na Poist i leith Príomhoidí le Tréimhse Scaoilte agus nach bhféadfar iad a líonadh go dtí go dtabharfaidh an Roinn le fios nach mbeidh na poist ag teastáil i dtaca le múinteoirí ar an bPríomhphainéal

## 2. Bearta Tacaíochta COVID-19 - Painéil Sholáthair Mhúinteoirí

Cuirfear na sonraí d'oibríochtaí na bPainéal Soláthair Múinteoirí i leith na scoilbhliana 2021/22 in iúl do scoileanna sa téarma nua.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháiltí Múinteora
Márta 2021